# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Ceol

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 marc)

| C | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|
| 1 | • Tá stíl agus samhlaíocht shármhaith ag an tséis<br>• Sárthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Sárfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Sárthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• D'éirigh leis an modhnú<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe* | 34 – 40 |
| | • Tuiscint an-mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint an-mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt an-mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• D'éirigh leis an modhnú<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe* | 28 – 33 |
| | • Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Modhnú neamhdheimhnithe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe* | 22 – 27 |
| | • Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt réasúnta ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint réasúnta ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Níor éirigh leis an modhnú<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe* | 16 – 21 |
| | • Drochábhar séiseach agus rithimeach<br>• Drochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Drochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Drochthuiscint ar threo<br>• Níl aon iarracht déanta ar mhodhnú<br>*Comharthaí seanma míchuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis mhí-oiriúnach roghnaithe* | 10 – 15 |
| | • Fíor-dhrochábhar séiseach agus rithimeach<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Fíor-dhrochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar threo<br>• Níl aon iarracht déanta ar mhodhnú<br>*Níor cuireadh aon chomharthaí seanma (míriú agus dinimic) isteach*<br>*Níor roghnaíodh aon uirlis* | 4 – 9 |
| | • Fíorbheagán iarrachta/gan aon iarracht déanta | 0 – 3 |

| C | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|
| 2 | • Stíl agus samhlaíocht shármhaith<br>• "Ceangal" sármhaith idir focail agus ceol<br>• Sárthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Sárthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 34 – 40 |
| | • Tuiscint an-mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• "Ceangal" an-mhaith idir focail agus ceol<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 28 – 33 |
| | • Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• "Ceangal" maith idir focail agus ceol<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 22 – 27 |
| | • Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• "Ceangal" réasúnta maith idir focail agus ceol<br>• Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar struchtúr<br>• Tuiscint éigin ar threo agus ar bhuaicphointe<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 16 – 21 |
| | • Drochábhar séiseach<br>• Droch"cheangal" idir focail agus ceol<br>• Drochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Drochthuiscint ar threo<br>*Comharthaí seanma míchuí (míriú agus dinimic) curtha isteach* | 10 – 15 |
| | • Fíor-dhrochábhar séiseach<br>• Fíor-dhroch"cheangal" idir focail agus ceol<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar threo<br>*Níor cuireadh aon chomharthaí seanma (míriú agus dinimic) isteach* | 4 - 9 |
| | • Fíorbheagán iarrachta | 0 - 3 |
| | Gan focal ar bith curtha isteach. | 0 |

| C | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|
| 3 | • Tá stíl agus samhlaíocht shármhaith ag an tséis<br>• Sárthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Sárfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Sárthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• D'éirigh leis an modhnú<br>• Coinnítear iomláine na rithime agus stíl an damhsa go taibhseach<br>• Cloíonn go sármhaith leis an struchtúr tugtha<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe* | 34 – 40 |
| | • Tuiscint an-mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint an-mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt an-mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• D'éirigh leis an modhnú<br>• Coinnítear iomláine na rithime agus stíl an damhsa go han-mhaith<br>• Cloíonn go han-mhaith leis an struchtúr tugtha<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe* | 28 – 33 |
| | • Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Modhnú neamhdheimhnithe<br>• Iarracht mhaith chun rithim an damhsa a choinneáil<br>• Cloíonn go maith leis an struchtúr tugtha<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe* | 22 – 27 |
| | • Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach<br>• Tuiscint éigin ar chruth agus ar struchtúr<br>• Forbairt éigin ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint éigin ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Níor éirigh le modhnú<br>• Coinnítear iomláine rithimeach an damhsa go réasúnta maith<br>• Cloíonn go réasúnta leis an struchtúr tugtha<br>*Comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe* | 16 – 21 |
| | • Drochábhar séiseach agus rithimeach<br>• Drochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Drochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Drochthuiscint ar threo<br>• Níl aon iarracht déanta ar mhodhnú<br>• Drochfheasacht ar rithim damhsa<br>• Cloíonn go dona leis an struchtúr tugtha<br>*Comharthaí seanma míchuí (míriú agus dinimic) curtha isteach*<br>*Uirlis mhí-oiriúnach roghnaithe* | 10 – 15 |
| | • Fíor-dhrochábhar séiseach agus rithimeach<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Fíor-dhrochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar threo<br>• Níl aon iarracht déanta ar mhodhnú<br>• Fíor-dhrochfheasacht ar rithim damhsa<br>• Cloíonn go han-dona leis an struchtúr tugtha<br>*Níor cuireadh aon chomharthaí seanma (míriú agus dinimic) isteach*<br>*Níor roghnaíodh aon uirlis* | 4 - 9 |
| | • Fíorbheagán iarrachta/gan aon iarracht déanta | 0 - 3 |

**ROINN B – ARMÓIN (60 marc)**

<table>
<tr><th>C</th><th></th><th>Tuairiscíní</th><th colspan="2">Marc</th></tr>
<tr><td rowspan="9">4</td><td rowspan="7">Séis</td><td>• Stíl agus samhlaíocht shármhaith<br>• Feasacht shármhaith ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Sárfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Sárthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>34 – 40</td><td rowspan="7">40</td></tr>
<tr><td>• Stíl agus samhlaíocht an-mhaith<br>• Feasacht an-mhaith ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Forbairt an-mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>28 – 33</td></tr>
<tr><td>• Stíl agus samhlaíocht mhaith<br>• Feasacht mhaith ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Forbairt mhaith ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>22 – 27</td></tr>
<tr><td>• Stíl agus samhlaíocht réasúnta<br>• Feasacht réasúnta ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Forbairt réasúnta ar smaointe oscailte<br>• Tuiscint réasúnta ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>16 – 21</td></tr>
<tr><td>• Drochstíl agus samhlaíocht<br>• Drochfheasacht ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Drochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Drochthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>10 – 15</td></tr>
<tr><td>• Fíor-dhrochstíl agus samhlaíocht<br>• Fíor-dhrochfheasacht ar an bpríomhstruchtúr agus ar an mbunstruchtúr armónach<br>• Fíor-dhrochfhorbairt ar smaointe oscailte<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar threo agus ar bhuaicphointe</td><td>4 - 9</td></tr>
<tr><td>Fíorbheagán iarrachta/gan aon iarracht déanta</td><td>0 - 3</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Dord</td><td>0.5 de mharc in aghaidh an dordnóta atá ceart faoi gach siombail corda má bhíonn an nóta séiseach tribile ceart freisin. (0.5 X 21) (Airde cheart san áit cheart ar bhonn rithimeach)</td><td>10.5</td><td rowspan="2">20</td></tr>
<tr><td>Cáilíocht na dordlíne, lena n-áirítear tuiscint ar cheolmhaireacht, feasacht ar stíl, agus eolas teicniúil<br><table><tr><th>Caighdeán na Dordlíne</th><th></th></tr><tr><td>• Dordlíne shármhaith<br>• Feasacht shármhaith ar stíl</td><td>8 – 9.5</td></tr><tr><td>• Dordlíne an-mhaith<br>• Feasacht an-mhaith ar stíl</td><td>6 – 7</td></tr><tr><td>• Dordlíne mhaith<br>• Feasacht mhaith ar stíl</td><td>4 - 5</td></tr><tr><td>• Dordlíne réasúnta<br>• Feasacht réasúnta ar stíl</td><td>2 - 3</td></tr><tr><td>• Droch-dhordlíne<br>• Drochfheasacht ar stíl</td><td>0 - 1</td></tr></table></td><td>9.5</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th>C</th><th></th><th>Tuairiscíní</th><th colspan="2">Marc</th></tr>
<tr><td rowspan="4">5</td><td rowspan="2">Cordaí</td><td><ul><li>0.5 de mharc do gach corda ar cuid de réimniú maith é i mboscaí 12 agus 13.</li><li>1 mharc do gach corda ar cuid de réimniú maith é i ngach bosca eile.</li></ul></td><td>23</td><td rowspan="2">35</td></tr>
<tr><td>Cáilíocht fhoriomlán réimnithe ceoil agus dúnta
<table>
<tr><th>Cáilíocht na Réimnithe Corda</th><th></th></tr>
<tr><td>Réimnithe corda sármhaithe</td><td>11 – 12</td></tr>
<tr><td>Réimnithe corda an-mhaith</td><td>8 - 10</td></tr>
<tr><td>Réimnithe corda maithe</td><td>5 – 7</td></tr>
<tr><td>Réimnithe corda réasúnta</td><td>3 - 4</td></tr>
<tr><td>Drochréimnithe corda</td><td>0 - 2</td></tr>
</table></td><td>12</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Dord</td><td>0.5 de mharc in aghaidh an dordnóta atá ceart faoi gach siombail corda</td><td>12</td><td rowspan="2">25</td></tr>
<tr><td>Cáilíocht na dordlíne, lena n-áirítear tuiscint ar cheolmhaireacht, feasacht ar stíl, agus eolas teicniúil
<table>
<tr><th>Caighdeán na Dordlíne</th><th></th></tr>
<tr><td><ul><li>Dordlíne shármhaith</li><li>Feasacht shármhaith ar stíl</li></ul></td><td>11 – 13</td></tr>
<tr><td><ul><li>Dordlíne an-mhaith</li><li>Feasacht an-mhaith ar stíl</li></ul></td><td>8 - 10</td></tr>
<tr><td><ul><li>Dordlíne mhaith</li><li>Feasacht mhaith ar stíl</li></ul></td><td>5 – 7</td></tr>
<tr><td><ul><li>Dordlíne réasúnta</li><li>Feasacht réasúnta ar stíl</li></ul></td><td>3 - 4</td></tr>
<tr><td><ul><li>Droch-dhordlíne</li><li>Drochfheasacht ar stíl</li></ul></td><td>0 - 2</td></tr>
</table></td><td>13</td></tr>
</table>

**Réimnithe Corda - Pointí ginearálta**

Ní ghlacfar leis an gcorda céanna i mboscaí le hais a chéile murar athraíodh an dord nó murar cuireadh 7aigh isteach
Ní mór an seachtrán agus an iarmhír, nuair is ábhartha iad, a bheith go hiomlán ceart ionas go mbronnfar marc
**Ní bhronnfar marcanna as cordaí go haonaránach. Ní mór do chordaí a bheith mar chuid de réimniú maith.**

- Ní ghlactar le $V^7$ - V.
- Ní ghlactar le ii – I nó iib - I ach amháin mar chur chuige i dtaca le Ic i ndúntach 6/4
- Ní mór do dhúntach 6/4 a bheith ar an gceann is láidre den dá bhuille agus ag pointe dúnta
- Ní ghlactar le cordaí a mbíonn droch-dhordlíne dá mbarr (4ú méadaithe, 5ú laghdaithe)


| C | | Tuairiscíní | Marc | |
|---|---|---|---|---|
| 6 | Cordaí | 1 mharc do gach corda a oireann don tséis agus ar cuid de réimniú maith ceoil é. (1 X 20) | 20 | **20** |
| | Forshéis | • Líne forshéise shármhaith laistigh den chreat armónach<br>• Cloíonn go sármhaith le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 34 – 40 | **40** |
| | | • Líne forshéise an-mhaith, laistigh den chreat armónach<br>• Cloíonn go han-mhaith le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 28 – 33 | |
| | | • Líne forshéise mhaith, laistigh den chreat armónach<br>• Cloíonn go maith le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 22 – 27 | |
| | | • Líne forshéise réasúnta, laistigh den chreat armónach<br>• Cloíonn go réasúnta le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 16 – 21 | |
| | | • Cloíonn go dona le líne forshéise, laistigh den chreat harmónach<br>• Cloíonn go dona le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 10 – 15 | |
| | | • Fíor-dhroch líne forshéise, laistigh den chreat armónach<br>• Cloíonn go fíordhona le stíl dhá pháirt na hoscailte tugtha | 4 - 9 | |
| | | • Fíorbheagán iarrachta/gan aon iarracht déanta | 0 - 3 | |

| Tuairiscíní | Marc | Iomlán |
|---|---|---|
| • Sárleibhéal cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Sárthuiscint ar phrionsabail na cumadóireachta/an ionstraimithe/an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht oiriúnach<br>• Cur síos thar cionn ar phróiseas na cumadóireachta | 85 – 100 | 100 |
| • Leibhéal an-mhaith cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Tuiscint an-mhaith ar phrionsabail na cumadóireachta/an ionstraimithe/an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht oiriúnach<br>• Cur síos an-mhaith ar phróiseas na cumadóireachta | 70 – 84 | |
| • Leibhéal maith cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Tuiscint maith ar phrionsabail na cumadóireachta/an ionstraimithe/an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht oiriúnach<br>• Cur síos maith ar phróiseas na cumadóireachta | 55 – 69 | |
| • Leibhéal réasúnta cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Tuiscint réasúnta ar phrionsabail na cumadóireachta/an ionstraimithe/an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht oiriúnach<br>• Cur síos réasúnta ar phróiseas na cumadóireachta | 40 – 54 | |
| • Drochleibhéal cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Drochthuiscint ar phrionsabail na cumadóireachta/an ionstraimithe/an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht easnamhach<br>• Droch chur síos ar phróiseas na cumadóireachta | 25 – 39 | |
| • Fíor-dhrochleibhéal cruthaitheachta agus úrmhaireachta<br>• Fíor-dhrochthuiscint ar phrionsabail na cumadóireachta/an ionstraimithe/an chóiriúcháin.<br>• Nodaireacht easnamhach<br>• Fíor-dhroch chur síos ar phróiseas na cumadóireachta | 10 - 24 | |
| • Fiorbheagán iarracht no gan aon iarracht deanta | 0-9 | |

## Nótaí Ginearálta do Scrúdaitheoirí

1. Marcáil cáilíocht fhoriomlán na ráiteas/an chuir síos. Ní féidir marcanna iomlána a bhronnadh ach le haghaidh ráiteas/cur síos atá go hiomlán i gceart.
2. Áit a bhfuil rogha ceisteanna le freagairt (C5B), má fhreagraíonn iarrthóir níos mó ná aon cheist amháin, marcáil gach freagra agus bronn na marcanna ón bhfreagra is fearr.
3. I gceisteanna ina n-iarrtar ar an iarrthóir méid sonrach gnéithe/uirlisí etc. a aithint/a ainmniú/a roghnú, cealaíonn gach freagra mícheart breise ceann ceart.

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | **Sliocht 1** | | *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry,<br>*Na barraí 1 – 26 agus an t-athdhéanamh* | | **8** | **25** |
| | | (i) | tús an tsaothair | 1 | | |
| | | (ii) | Sí Beag Sí Mór | 2 | | |
| | | (iii) | canóin<br><br>(canóin) 4 chuid ag an gcroisín agus ag an ochtach san ord veidhlín, vióla, dordveidhil agus pianó (lámh chlé)<br><br>Suas le 3 mharc as cur síos cruinn ar conas a úsáidtear canóin sa sliocht.<br><br>Ni mór go mbeadh tagairt sa fhreagra don cheol sa sliocht. | 1<br><br>3 | | |
| | | (iv) | sa dinimic | 1 | | |
| | **Sliocht 2** | | *Barraí 373 – 402* | | **8** | |
| | | (i) | Hommage à Horrowitz / C4 / (Cuid an) aonréad pianó | 2 | | |
| | | (ii) | Is le haghaidh aonréad pianó amháin an chuid seo.<br>Tá an ceol á sheinm in ochtacha.<br>Níl aon chanóin ann.<br>Anois í an dinimic ná *fff* / níos airde<br>Níl an sliocht seo/dara shliocht bunaithe ar Sí Beag Sí Mór.<br>Tá an sliocht seo bunaithe ar (ábhar) C.<br>Tá an sliocht seo crómatach.<br><br>Suas le 2 mharc as gach ceann de dhá dhifríocht bhailí. | 2 + 2 | | |
| | | (iii) | ochtacha | 2 | | |
| | **Sliocht 3** | | *Barraí 458 – 468* | | **9** | |
| | | (i) | veidhlín, vióla agus dordveidhil (ord ar bith) | 0.5 x 3 | | |
| | | (ii) | fuaim cosúil le fuaim na fliúite a dhéanamh ar an uirlis;<br>boghadh in aice an mhéarchláir;<br>armónaic a úsáid; | 1 | | |
| | | (iii) | neamhthonúil | 1 | | |
| | | (iv) | Suas le 1.5 marc as cur síos cruinn ar an tionchar atá ag na hathruithe san amchomhartha ar an gceol sa sliocht seo. | 1.5 | | |
| | | (v) | Suas le 2 mharc as gach ceann de dhá chur síos ar dhá ghné tugtha mar a úsáidtear iad sa cheathairéad.<br><br>ilmheadaracht<br>méadú<br>casiompú<br>aisiompú | 2 + 2 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2 | | | *Bohemian Rhapsody* le Freddy Mercury<br>*Athfhoilsiú & Coda / 16 bharra dheireanacha an amhráin* | | 10 | 10 |
| | | (i) | fordhubáil (giotáir/gutha);<br>cordaí briste (suas) (ar an ngiotár);<br>dordlíne (crómatach) síos;<br>fonnadóireacht taca *'oh, yeah'*;<br>tá gnéithe d'athdhéanamh sa chuid giotáir (m.sh. líocha);<br>seachbhuilí aiceanta/láidir<br><br>Dhá ghné ar bith atá le cloisteáil sa cheol.<br>Lig le tagairt cruinn do theicnící uirlise. | 1+1 | | |
| | | (ii) | <br><br>0.5 le haghaidh gach nóta chirt (ní mór go mbeadh an airde **agus** an rithim i gceart) | 2.5 | | |
| | | (iii) | cordaí briste (suas);<br>cordaí suas;<br>bloc-cordaí;<br>cordaí athdhéanta;<br>seicheamh cordúil;<br>figiúr 2 nóta athdhéanta;<br>móitíf/figiúr athdheanta;<br>dordlíne crómatach síos (sa lámh chlé);<br><br>Suas le 2 mharc as cur síos bailí amháin. | 2 | | |
| | | (iv) | gang (tam-tam) | 0.5 | | |
| | | (v) | Suas le 1.5 marc as gach ceann de dhá chur síos ar dhá dhifríocht bhailí idir an ceol sa sliocht seo agus an ceol san Oscailt *nó* sa Phríomhamhrán *nó* sa Rannóg Cheoldrámata. | 1.5<br>+<br>1.5 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3 | | | *Cantáid Uimh.78, Jesu Der Du Meine Seele* le J.S. Bach<br>*Gluaiseacht 2, barraí 61 – 81* | | 10 | 10 |
| | | (i) | 2 / Gluaiseacht 2 / Aria Duetto (Dísréad)/ Áiria/Dísréad an tSopráin agus an Ailt<br><br>soprán agus alt<br><br>i dtréacha | 1<br><br>1<br><br>1 | | |
| | | (ii) | seichimh<br>aithris | 1<br>1 | | |
| | | (iii) | orgán / armóin<br><br>figiúir (scríofa faoin dordlíne) a thugann le fios d'oirfideach an mhéarchláir cé na cordaí / ionaid chorda / nótaí atá le seinm;<br><br>Suas le 1.5 marc as míniú ceart de dhord figiúrtha. | 0.5<br><br>1.5 | | |
| | | (iv) | foirfe (lándúnadh) | 1 | | |
| | | (v) | Suas le 2 mharc as cur síos bailí d'fhocaldathú mar a usáidtear sa ghluaiseacht seo é. | 2 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4 | | | *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* le Tchaikovsky<br>*Barraí 112 – 142* | | 10 | 10 |
| | | (i) | as an bhFoilsiú | 1 | | |
| | | (ii) | Téama an Achrainn<br><br>Aon dá ghné rithimeacha nó shéiseacha (den líne séise féin).<br><br>Lig le tagairt ceart d'uirlisi ar a seinntear an tséis.<br>Lig le tagairt ceart do dhinimicí, do luas agus do thonúlacht. | 1<br><br>1+1 | | |
| | | (iii) | ar fhigiúir 3 nóta | 1 | | |
| | | (iv) | Tá canóin idir na téaduirlisí íochtair (dordveidhil & dord) agus na gaothuirlisí adhmaid (piccolo, feadóg mhór & óbó);<br>Tá an tséis seo bunaithe ar théama an achrainn + míniú breise;<br>Tá an iontamhail ag an bhfad minim;<br>Tá an iontamhail ag an ochtach;<br>Athdhéantar an chanóin (níos faide anonn sa sliocht) ag airde dhifriúil (níos airde);<br>Athdhéantar an chanóin i ngléas difriúil;<br>Cloistear an chanóin i miongléas D i dtosach agus athdhéantar í i miongléas G.<br><br>Suas le 2 mharc as aon chur síos bailí de chanóin mar a úsáidtear sa sliocht seo í. | 2 | | |
| | | (v) | Suas le 1.5 marc as gach cur síos de dhá dhifríocht bhailí (rithimeach/séiseach) idir téama an achrainn agus téama amháin eile i *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet.*<br><br>Lig le tagairt ceart d'uirlisi ar a seinntear an tséis.<br>Lig le tagairt ceart do dhinimicí, do luas agus do thonúlacht. | 1.5<br>+<br>1.5 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 5A | Sliocht 1 | | Líadan *Off to California* | | 4 | 25 |
| | | (i) | cornphíopa<br><br>4/4 | 0.5<br><br>0.5 | | |
| | | (ii) | Aon bharra ceart amháin de rithim cornphíopa | 1 | | |
| | | (iii) | fidil / (cnaip)cairdín (pianó)/ bosca (ceol) /mileoidean / feadóg mhór / feadóg stáin (ceann ar bith) | 1 | | |
| | | (iv) | an chruit | 1 | | |
| | Sliocht 2 | | Celia Ní Fhátharta, *Neainsín Bhán* | | 6 | |
| | | (i) | Sean-nós | 1 | | |
| | | (ii) | canta mar aonréad;<br>gan tionlacain (glac le *a cappella*)<br>canta le maisiú;<br>canta le rithim shaor;<br>sleamhnáil;<br>srónaíl;<br>Aon 3 ghné bhailí den stíl mar a chloistear sa sliocht iad | 1+1+1 | | |
| | | (iii) | AABA | 2 | | |
| | Sliocht 3 | | Moxie *Black Widow* (ríl) | | 5 | |
| | | (i) | ríl | 1 | | |
| | | (ii) | bainseó /bosca ceoil/cairdín (cnaipí/pianó);<br>Lig le consairtín//mileoidean | 1 | | |
| | | (iii) | módúil;<br>$7^{ach}$ maol;<br><br>Lig le tagairt cheart don chineál fonn damhsa (ríl).<br>Lig le tagairt cheart d'uirlis a chloistear sa taifeadadh seo.<br>Lig le ornaidiú. | 1 | | |
| | | (iv) | úsáid giotár/drumaí/méarchlá(i)r + míniú breise;<br>úsáid nótaí/cordaí athsheinnte (ag an tús);<br>cordaí strumtha ar an ngiotár;<br>cordai ar na seach-bhuillí ar an ngiotár;<br>cordaí sioncóipithe;<br>sioncóipiú;<br>nóta athdhéanta (troitheánach) sa dord;<br><br>Suas le 2 mharc as cur síos bailí ar aon ghné amháin den tionlacan. | 2 | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **5B** | **Suas le 10 marc as cáilíocht na bhfreagraí agus as eolas ar an topaic a roghnaíodh.** | | **10** | |
| | Sárfheasacht agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice. | 10 | | |
| | Eolas an-mhaith ar ghnéithe ceoil na topaice roghnaithe | 8-9 | | |
| | Eolas maith ar an topaic, ach easpa mionsonraí. | 6-7 | | |
| | Roinnt pointí ginearálta ar an topaic, ach gan go leor mionsonraí. | 4-5 | | |
| | Freagairt neamhleor don ábhar roghnaithe ar an iomlán. | 2-3 | | |
| | Gan mórán freagairt don topaic roghnaithe le feiceáil. | 1 | | |
| | Ní léir aon fhreagairt don topaic roghnaithe. | 0 | | |

| C | Rn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | **Sliocht 1** | | *Scherezade* le Nikolai Rimshy-Korsakov<br>*Sleachta ó ghluaiseacht 1* | | 9 | 20 |
| | | (i) | in aoncheol | 1 | | |
| | | (ii) | cordaí/nótaí marthanacha;<br>cordaí/nótaí suas;<br>cordaí athdhéanta;<br>cordaí ar ghaothuirlisí adhmaid;<br>tá an ceol/dinimic bog (an-bhog);<br>tá sosanna (ar gach nóta/corda);<br>cloistear an ceol ag réim/airde árd;<br>tá uigeacht an cheoil homafónach;<br><br>Suas le 2 mharc as cur síos bailí den cheol go díreach i ndiaidh na mbarraí 1-6. | 2 | | |
| | | (iii) | veidhlín (veidhlíní = 0)<br>gcruit | 1<br>1 | | |
| | | (iv) | athruithe gléis<br>seichimh | 2<br>2 | | |
| | **Sliocht 2** | | *Sleachta ó ghluaiseacht 3* | | 8 | |
| | | (i) |  | 2 | | |
| | | (ii) | cordaí marthanacha (ar théaduirlisí, viólaí, dordveidhlí & doird);<br>seinntear an tionlacan ar na téaduirlisí;<br>nóta troitheánach;<br>gluaiseacht chrómatach;<br>seinntear legato/go mín é;<br><br>Suas le 2 mharc as cur síos de ghné bhailí amháin den tionlacan sa sliocht seo. | 2 | | |
| | | (iii) | tá an tséis ar an gclairinéad anois;<br>cloistear an tséis ar an bhfeadóg mhór/bhfliúit;<br>cloistear an tséis ag airde níos airde;<br>seinntear an tséis le níos lú legato;<br>(seinntear an tséis detaché/staccato/go meidhreach);<br>anois tá cnaguirlisí sa tionlacan (taobhdhruma, tambóirín agus triantán;<br>tá cordaí ar théaduirlisí agus gaothuirlisí adhmaid;<br>tá na cordaí gearr anseo agus ní cordaí marthanacha iad;<br>tá an tempo/luas níos tapa;<br>cloistear an ceol i ngléas difriúil sa dara rannóg;<br><br>Suas le 2 mharc le haghaidh gach ceann de dhá dhifríocht bhailí. | 2 + 2 | | |
| | **Sliocht 3** | | *Sliocht ó ghluaiseacht 4* | | 3 | |
| | | | Suas le 3 mharc as aon chur síos bailí ar chosúlacht idir an ceol sa sliocht seo agus rannó an Coda de *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet*. | 3 | | |

| Gné | | Tuairiscíní | Marc | Iom. |
|---|---|---|---|---|
| Páipéar | 1 | Ainm na topaice | - | 100 |
| | 2-4 | • Sárfheasacht agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice.<br>• Sárthagairt do na deich sliocht ceoil atá ar an taifeadadh fuaime a ghabhann leis an bpáipéar a léiríonn an ghné/na gnéithe a phléitear.<br>• Sárthaighde le haithint, agus sárfhreagairt phearsanta.<br>*Foinsí sármhaithe agus tagairt shármhaith do dréachtaí ceoil/chumadóir/cheoltóir.* | 85 - 100 | |
| | | • Feasacht an-mhaith agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice.<br>• Tagairt an-mhaith do na deich sliocht ceoil atá ar an taifeadadh fuaime a ghabhann leis an bpáipéar a léiríonn an ghné/na gnéithe a phléitear.<br>• Taighde an-mhaithe déanta, agus freagairt phearsanta an-mhaith.<br>*Foinsí an-mhaith agus tagairt an-mhaith do dhréachtaí ceoil/chumadóir/cheoltóir.* | 70 - 84 | |
| | | • Eolas maith ar ghnéithe ceoil na topaice roghnaithe, ach mionsonraí in easnamh.<br>• Tagairt mhaith do shleachta ceoil áirithe/do na sleachta ceoil uile atá ar an taifeadadh fuaime a ghabhann leis an bpáipéar a léiríonn an ghné/na gnéithe a phléitear go ginearálta.<br>• Taighde maith le haithint agus freagairt phearsanta mhaith.<br>*Foinsí maithe agus tagairt mhaith do dhreachtaí ceoil/chumadóir/cheoltóir.* | 55 - 69 | |
| | | • Roinnt pointí ginearálta ar an topaic, ach gan go leor mionsonraí.<br>• An rogha topaice ró-leathan chun freagairt phearsanta agus mhionsonraithe iomchuí a cheadú.<br>• Tagairt éigin do gach gné ceoil/roinnt gnéithe ceoil na topaice agus do thaifeadtaí ceoil.<br>• Ní léiríonn na sleachta taifeadta gnéithe na haiste / ní bhaineann na sleachta taifeadta le gnéithe na haiste.<br>*Baineadh leas as foinsí ginearálta ach fócas sonrach in easnamh iontu.*<br>*Tagairt éigin do dréachtaí ceoil/chumadóir/cheoltóir.* | 40 - 54 | |
| | | • Freagairt neamhleor don ábhar roghnaithe ar an iomlán.<br>• Gan aon fhianaise nó fianaise bheag atá tugtha ar thaighde nó ar fhreagairt phearsanta.<br>• Gan aon tagairt nó is beag tagairt atá déanta do ghnéithe ceoil na topaice<br>• Gan aon tagairt nó is beag tagairt atá déanta do na taifeadtaí ceoil.<br>*Foinsí neamhleora liostaithe agus tagairt neamhleor do dhréachtaí ceoil/chumadóir/cheoltóir.* | 25 - 39 | |
| | | Gan mórán freagartha don topaic roghnaithe le feiceáil. | 10 - 24 | |
| | | Ní léir aon fhreagairt don topaic roghnaithe | 0 - 9 | |

**Déan tagairt do Shiollabas Ceoil na hArdteistiméireachta – leathanach 12 – 2.3.5**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 100 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 100 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 75 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 76 | 7 |
| 77 - 80 | 6 |
| 81 - 83 | 5 |
| 84 - 86 | 4 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 87 - 90 | 3 |
| 91 - 93 | 2 |
| 94 - 96 | 1 |
| 97 - 100 | 0 |